

Gaelscoileanna



Nuachtlitir

Earrach 2016

Urraithe ag



Foras na Gaeilge

SAN EAGRÁN
SEO:

SCOIL LÁN-
GHAELIGE NUA 2

RANGANNA
GAELIGE 2

MOLTAÍ POLASAÍ
DON OIDEACHAS
GAELTACHTA 2

GROW IN LOVE I
NGAEILGE 2

COMHDHÁIL CAER
AINM NUA DON
EAGRAÍOCHT 3

COMÓRADH AN
CHÉID 1916 4-5

OILIÚINT BOIRD
BAINISTÍOCHTA 5

COMÓRTAS
LEABHAIR 6

NUAIGHT SCOILE 6-9

LE CHÉILE TRÍ
GHAELIGE 10

FEACHTAS FEA-
SACHTA 10

SCOILEANNA NUA
2016 10

SCÉIM TAC-
AÍOCHTA TEANGA 11

NA NAÍONRAÍ 12

Athstruchtúrú Gaelscoileanna Teo.



Glacadh d'aon ghuth le rún ag Cruinniú Cinn Bhliana Gaelscoileanna Teo. ar an 21 Samhain 2015 go nglacfar leis na hAirteagail Chomhlachais athbhreithnithe ag Gaelscoileanna Teo. chun leasa na heagraíochta. Mar chuid de na hAirteagail Chomhlachais nua, bunófar coistí comhairleacha a bheidh d'fheidhm acu comhairle a chur ar Bhord Stiúrtha na heagraíochta maidir le téamaí ar leith. Tá Coiste Comhairleach do na Luathbhlianta lán-Ghaeilge díreach ceaptha ar a mbeidh ionadaithe ón mBord Stiúrtha mar aon leo siúd atá ag plé leis an réamhscolaíocht lán-Ghaeilge ar an dtalamh agus beidh sé i mbun oibre go luath.

De réir na hAirtigeail nua chomh maith beidh an eagraíocht á eagrú féin de réir 6 réigiúin, le daoine ó na réigiúin éagsúla le bheith ceaptha ar an mBord Stiúrtha. Úsáidfear na réigiúin le hobair na heagraíochta a phleanáil agus a fheidhmiú chomh maith, agus tá súil againn go mbeidh deis ag baill na heagraíochta plé leis an eagraíocht ar an mbonn seo. Tá na réigiúin á chur le chéile faoi láthair agus beidh eolas á chur amach chuig na scoileanna ina leith sa mhí nó dhó romhainn.

Pátrúnacht agus Iolrachas

Bhí cruinniú ag toscaireacht ó Gaelscoileanna Teo. agus An Foras Pátrúnachta leis an Aire Oideachais, Jan O'Sullivan, agus le hoifigigh sinsearach ón Roinn Oideachais & Scileanna ar an 19 Eanáir le dul chun cinn i dtaobh pátrúnacht agus iolrachas a phlé. Fógraíodh plean gnímh bunaithe ar thuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh don Fhóram ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas san Earnáil Bhunscoile i 2012 ach is beag dul chun cinn atá déanta sa réimse ó shin. Bunaíodh scoil lán-Ghaeilge amháin tríd an bpróiseas, Gaelscoil na Laochra i mBiorra, Co. Uíbh Fáilí a d'oscail i 2015, ach go dtí seo is ar sainmheon creidimh scoileanna

seachas sainmheon teanga a dhírigh an Roinn agus na pátrúin, rud a fhágann go bhfuil ceantair éagsúla ar fud na tíre go fóill nach bhfuil soláthar lán-Ghaeilge ar fáil mar rogha iontu. Ag an gcruinniú leis an Aire pléadh na féidearthachtaí maidir le conas dul i ngleic leis seo agus deiseanna a thapú áit a bhfuil éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge ach nach bhfuil deis scoileanna nua a bhunú. Tá Gaelscoileanna Teo. ag obair cheana féin le scoileanna meán-Bhéarla gur mian leo iompú ina scoileanna lán-Ghaeilge agus lorgaíodh tacaíocht na Roinne don phróiseas.

Cé go mbaineann obair an Fhóraithe ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas le hearnáil na bunscoile amháin, pléadh ag an gcruinniú an easpa soláthair atá ann i dtaobh oideachas lán-Ghaeilge ag an iarbhunleibhéal. Tá géarghá ag na haonaid agus sruthanna reatha le breis tacaíochta ón Roinn agus ó na pátrúin le go mbeidh deis acu feidhmiú go héifeachtach, agus stádas scoil neamhspleách a bhaint amach. D'aithin an Roinn an riachtanas seo agus tá cruinniú eile le bheith acu le Gaelscoileanna Teo. maidir leis seo go luath. Leanfaidh oifigigh forbartha na heagraíochta ag plé leis na haonaid agus sruthanna reatha agus leis na coistí bunaithe maidir lena gcuid riachtanas agus ag déanamh stocaireachta ar a son leis an Roinn agus na pátrúin.



Gaelscoil na Laochra

Gaelscoileanna Teo.

www.gaelscoileanna.ie
oifig@gaelscoileanna.ie | 01-8535195

Halla Naomh Pádraig,

Institiúid Oideachais Marino,

Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9

Scoil lán-Ghaeilge Ilchreidmheach Nua

do Bhaile an Chollaigh

Tá sé fógartha ag an Roinn Oideachas agus Scileanna go mbeidh bunscoil nua á hoscailt i mBaile an Chollaigh in 2017. Tá Gaelscoileanna Teo. ag tabhairt tacaíochta d'iaratas An Foras Pátrúnachta go mbeidh an scoil nua ina scoil lán-Ghaeilge ilchreidmheach.

Le cinntiú go mbunófar bunscoil lán-Ghaeilge, tá Gaelscoileanna Teo. ag spreagadh tuismitheoirí sa cheantar máguaird foirm léirithe spéise a chomhlíonadh le cur in iúl go mbeadh suim acu sa mhúnla oideachais seo dá gcuid páistí.

Is féidir le tuismitheoirí an fhoirm léirithe spéise a chomhlíonadh dá bpáistí ar líne ag: <http://www.gaelscoileanna.ie/ballincollig> Ní chuireann an léiriú spéise aon cheangal orthu a bpáistí a chlárú leis an scoil, agus ní hionann léiriú spéise agus geallúint go mbeidh áit ag an bpáiste sa scoil amach anseo.

Le tacaíocht a thabhairt nó le heolas a fháil, cuir ríomhphost chuig Cormac cormac@gaelscoileanna.ie nó lean ar na meáin shóisialta muid.



Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí

An múinteoir tú atá ag múineadh rang Gaeilge do thuismitheoirí? Nó rang oíche amuigh sa phobal? Tá Gaelscoileanna Teo. ag obair faoi láthair ar suíomh nua a fhorbairt, www.IrishForParents.ie. Ar an suíomh seo gheobhaidh tú ábhar teagaisc samplach do do chuid ranganna, ábhar samplach atá bunaithe ar shainriachtanais tuismitheoirí.

Beidh an t-ábhar samplach rangaithe de réir topaice. Ag tagairt do gach topaic beidh ábhar físe i gcanúintí éagsúla agus beidh tascanna samplacha don seomra ranga bunaithe ar an ábhar físe sin. Beidh na tascanna samplacha deartha ag dhá leibhéal ghinearálta teanga – Leibhéal A2 agus Leibhéal B1 de chuid Chomhairle na hEorpa. Tá tuilleadh eolais faoi na leibhéil seo le fáil ag www.teg.ie.

Beidh tuismitheoirí in ann an suíomh a úsáid le féachaint siar ar na bileoga ranga, féachaint arís ar na físeáin ar baineadh úsáid astu sa rang, úsáid a bhaint as na téipscripteanna agus féachaint ar liostaí stór focal ceangailte leis na topaicí ranga. Beidh deis ann dóibh chomh maith níos mó a fhoghlaim faoi na hacmhainní

tacaíochta a d'fhéadfadh cabhrú leo agus lena bpáistí agus iad ag gabháil trí oideachas lán-Ghaeilge le chéile. Tá súil ag Gaelscoileanna Teo. an suíomh a sheoladh i Meán Fómhair 2016.



Moltaí Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Tá inní ar Gaelscoileanna Teo. nach bhfuil na Moltaí Polasaí don Oideachas i Limistéar Gaeltachta foilsithe go fóill cé gur cuireadh in iúl go bhfoilseofaí é roimh na Nollag agus ina dhiaidh sin faoi dheireadh mí Eanáir. Is léir, ó teagmháil a bhí againn leis an Roinn Oideachais, nach bhfoilseofar na Moltaí Polasaí roimh an gcéad Rialtas eile. Tá teagmháil á dhéanamh ag an eagraíocht leis an Roinn agus leis an Aire Oideachais le díomá agus ionadh na hearnála a chur in iúl agus iarraidh orthu an Polasaí a fhoilsiú láithreach.

Agus na curaclaim teanga ag athrú sna bunscoileanna agus ag leibhéal an teastaigh shóisearaigh tá sé práinneach go bhfoilseofaí an Polasaí seo le treoir cuí a thabhairt do na scoileanna Gaeltachta ar cad leis atá an Roinn Oideachais ag tnúth leis uathu.



Grow in Love i nGaeilge

Tá roinnt scoileanna lán-Ghaeilge Caitliceacha tar éis teagmháil a dhéanamh le Gaelscoileanna Teo. le deir-eanaí chun a gcuid míshástachta a chur in iúl i dtaobh an chlár creidimh Grow in Love. Is cúis frustrachais do na scoileanna seo nach bhfuil an clár seo ar fáil i nGaeilge don scoilbhliain reatha. De dheasca seo, tá 303 scoil Chaitliceach lán-Ghaeilge agus Gaeltachta gan chlár cuimsitheach iomlán acu le húsáid mar acmhainn i dteanga theagaisc na scoile.

Tá sé curtha in iúl ag an bhfoilsitheoir do Gaelscoileanna Teo. go n-aistreofar cuid den chlár seo go Gaeilge amach anseo. Ní leor é seo dar le Gaelscoileanna Teo agus ba chóir



go gcuirfear an clár iomlán ar fáil i nGaeilge an am céanna leis an leagan Béarla agus go mbeadh an dá leagan ar an gcaighdeán ceannann céanna. Tá Gaelscoileanna Teo. ag impí ar scoileanna Caitliceacha dul i dteagmháil leis an Eaglais agus iarraidh orthu, mar chuid dá ról mar phatrún, an t-aitheantas cuí a thabhairt don obair iontach atá ar siúl sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus an maoiniú cuí a sholáthar ionas go bhféadfadh na scoileanna seo leanúint leis an éiteas Caitliceach a chur chun cinn.

Beidh litir shamplach ar fáil ó Gaelscoileanna Teoranta ionas gur féidir le scoileanna a míshástacht a chur in iúl.

Comhdháil CAER (Cumann Oideachais na Réigiún Eorpacha) 3-4 Márta 2016



Tá áthas orainn go mbeidh Comhdháil CAER ar siúl arís in Éireann i dtús Márta agus go mbeidh deis ag roinnt teachtaí teacht ó cheantair eile san Eorpa ina bhfuil múineadh trí mhiontheangacha ar siúl iontu. Deis iontach é seo do dhaoine foghlaim faoin gcur chuige sna ceantair seo agus plé leis na teachtaí seo faoi dul chun cinn in Éireann. Beidh an comhdháil ar siúl in Óstán Knightsbrook, Baile Átha Troim, Co. na Mí ón 3-4 Márta agus tá súil againn go mbeidh deis ag ionadaithe ó na scoileanna Gaeltachta/ lán-Ghaeilge agus daoine eile a bhfuil suim acu i múineadh trí mhiontheangacha bheith i láthair. Tá clár na n-imeachtaí le feiceáil thíos agus más mian leat clárú dó níl gá ach dul i dteagmháil le Cormac sa bhForas Pátrúnachta ag cormac@foras.ie

3 Márta 2016

- 18.00 Clárú
- 18.30 Óráid “Cearta teanga in Éirinn” le Rónán Ó Domhnaill, Coimisinéir Teanga
- 19.00 Dinnéar
- 19.15 Ceol ón Gaelscoil na Bóinne

4 Márta 2016

- 9.15 – 9.30 Clárú
- 9.30 – 9.40 Fáilte & Cur i láthair
- 9.40 – 10.10 Réigiún 1 – Éire: Na 26 Contae, Nora Ní Loingsigh
- 10.10 – 10.40 Réigiún 2 – Éire: Na 6 Contae, Liam Ó Flannagáin
- 10.40 – 11.10 Tae & caifé
- 11.10 – 11.40 Réigiún 3 – Tír na mBascach, an Dr Julia Barnes
- 11.40 – 12.10 Réigiún 4 – An Bhreatain Bheag & léargas na hEorpa, Meirion Prys Jones
- 12.10 – 12.50 Óráid Robin Evans “The cognitive advantages of bilingual education”, an Dr Hywel Lewis
- 12.50 – 13.05 Ceol ó GS na Bóinne
- 13.05 – 14.10 Lón
- 14.10 – 15.00 Óráid “Using languages to learn and learning new languages”, an Dr T.J. Ó Ceallaigh
- 15.00 – 15.50 “Ysgol Eifionydd – Welsh language Unit; Setup, support and successes”, Carys Lake
- 16.00 – 17.00 CAER AGM

Gaelscoileanna

Ainm Nua don Eagraíocht

Leis na hathruithe suntasacha atá tagtha ar réimsí oibre Gaelscoileanna Teo. ónar ainmníodh í mar cheanneagraíocht sa réimse Tumoideachais, Gaeloideachais agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge, spreagadh plé maidir le hainm na heagraíochta a leasú nó a athrú le go gcuimseoidh sé an ról leathan atá aici. Beidh moltaí maidir le hainm nua á lorg ó na geallsealbhoirí uile sna míonna romhainn; scaipfear ceistneoir ar naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge ar ríomhphost agus beimis ag siúl le cloisteáil ó gach éinne gur suim leo ionchur a bheith acu sa phróiseas.

Comóradh an chéid 1916



Gaelscoil an Chuillinn: Tháinig Óglaigh na hÉireann le brat na hÉireann a bhronnadh ar an scoil.



Comóradh 1916 Scoil Lorcáin


Tá áthas ar Scoil Lorcáin a bheith ag eagrú imeachta ar an Déardaoin 3 Márta 2016 mar chuid de Chomóradh 1916. Is í seo an phríomh-imeacht comórtha i nGaeilge i gCo. Dhún Laoghaire Ráth an Dúin.

Beidh baill de phobal Scoil Lorcáin a raibh gaolta leo amuigh i 1916 ag caint faoi na gaolta sin. I measc na ndaoine a mbeidh trácht orthu beidh: Ruairí agus Cathal Brugha, Seán Mac Diarmada, An Rathailleach, Sighle Humphreys, Patrick Hugh Holohan (Gunnáí Bheann Éadair) Con agus Ger Delaney (Co. Chorcaí) Patrick Joseph Hughes (Dún Dealgan) Tar éis do na gaolta labhairt beidh fóram oscailte ina mbeidh seans ag an lucht féachana ceisteanna a chur agus tuairimí a thabhairt.



Tá fáilte roimh chách chuig an oíche. Is i nGaeilge a bheidh an cur i láthair. Beidh fáilte roimh cheisteanna /tuairimí i nGaeilge nó i mBéarla. Beidh bia agus tae ar fáil óna 6.00 in dóibh siúd ar mian leo teacht díreach ón obair agus/nó bualadh le cairde.

Beidh roinnt seomraí ar oscailt dóibh siúd ar mian leo súil a chaitheamh ar an scoil nua roimh an oscailt oifigiúil. Beidh fáilte roimh chách atá i láthair bualadh trasna chuig Cultúrlann na hÉireann, Cearnóg Belgrave tar éis na hócáide chun leanúint leis an bplé agus an díospóireacht.



Clár na hOíche

- 5.30 Doirse ar oscailt
- 6.00 Bia agus sólaistí ar fáil
- 7.00 Forógra na Cásca á léamh ag Patrick McDermott
- 7.05 Gaolta Lucht 1916 ag caint
- 7.50 Sos
- 8.00 Amhrán ó 1916 le hAodán Ó Ceallaigh
- 8.05 Fóram Oscailte
- 9.00 Clabhsúr: Amhrán na bhFiann
- 9.15 Fáiltiú i gCultúrlann na hÉireann

Fóram Polaitíochta 2016



Don 5ú bliain as a chéile, d'eagraigh daltaí na hidirbhliana i gColáiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí, Fóram Polaitíochta trí mheán na Gaeilge Dé hAoine 8 Eanáir ar na mallaibh.

Bhí an Fóram faoi stiúir na ndaltaí féin, smacht acu ar chúrsaí ama is an plé á láimhseáil acu, iad ag cur ceisteanna ar na polaiteoirí os a gcomhair. I measc na n-ábhar a d'ardaigh siad leis na polaiteoirí bhí cúrsaí oideachais pléite agus roinnt daltaí ag fiosrú cá háit a raibh an scoil nua a bhí luaite leo agus iad sa chéad bhliain agus cuid eile ag ceistiú an easpa dul chun cinn chun maidir le leasuithe a thabhairt i bhfeidhm le rás na bpointí sa chúrsa Ardteiste. Mar aon leis sin, cuireadh ceisteanna maidir le fíis d'úsáid na Gaeilge sa todhchaí, iad ag díriú ar fhís don teanga le haghaidh 2116. Pléadh cúrsaí timpeallachta agus na deacrachtaí atá sa tír na tuille a bhainistiú, daoine gan dídean in Éirinn sa lá inniu, cúrsaí idirnáisiúnta agus bagairtí ó ISIS ar Éirinn freisin. Ós rud é go bhfuil béim faoi leith ar chomóradh 1916 i mbliana, cuireadh ceist áirithe maidir le Poblacht na hÉireann mar a bhí leagtha amach i bhForógra na Cásca, cinnte cuireadh spéis sna tuairimí éagsúla mar a bhí nochtaithe ag na polaiteoirí ó na páirtithe difriúla ar an topaic áirithe seo.



Sean Kyne T.D. Fine Gael, Éamonn Ó Cuív T.D. Fianna Fáil, Trevor Ó Clochartaigh, Seanadóir Sinn Féin agus Caoimhín Ó Maolallaigh ón Chomhaontas Ghlas i gcuideachta cuid de na mic léinn ón idirbhliain a d'eagraigh an Fhóram Pholaitíochta ar na mallaibh.

Caitheadh a rá go raibh daltaí an choláiste an-bhródúil agus buíoch gur éirigh leo ionadaíocht ó na páirtithe polaitiúla áitiúla seo a leanas a fháil:

Fine Gael: Seán Kyne, T. D., Fianna Fáil: Éamonn Ó Cuív, T.D., Sinn Féin: Trevor Ó Clochartaigh, Seanadóir, Comhaontas Glas: Caoimhín Ó Maolallaigh

Arsa Seán Ó Conaill, urlabhraí ar son na ndaltaí: "Is mór an deis a bhí againn polaiteoirí a cheistiú faoi thopaic éagsúla trí mheán na Gaeilge táimid sásta gur ghlac na polaiteoirí an t-am a bheith linn agus seal a chaitheamh ag freagairt ár gceisteanna. Tá súil againn go dtuigean daoine óga go bhfuil ról againn féin i gcúrsaí na tíre..."

Oiliúint do Bhoird Bainistíochta Bunscoile trí Ghaeilge

Agus na boird bainistíochta bunscoile athraithe ag deireadh na bliana seo chaite tá oiliúint trí Ghaeilge á eagrú ag Gaelscoileanna Teo. i gcomhpháirt leis An Foras Pátrúnachta. Tá módúil náisiúnta aitheanta agus á nuashonrú faoi láthair agus is iad seo a bheidh ar fáil mar oiliúint do na boird bainistíochta. Tá súil againn oiliúnóirí a chur faoi oiliúint go luath nuair a bheidh an módúil ar fáil agus ansin go mbeidh na hoiliúnóirí seo ar fáil le hoiliúint a chur ar fáil do bhaile boird bainistíochta na mbunscoileanna atá ag múineadh trí mheán na Gaeilge. Tosófar leis an dá módúil seo:

- An bord bainistíochta mar aonán corparáideach
- Airgeadais boird agus ról an cisteora

Níos déanaí sa bhliain (2016) bheadh sé i gceist oiliúint a chur ar fáil ar na módúil eile:

- Nósanna imeachta ceapacháin
- Caomhnú Leanaí
- Cúrsaí Dlí



Gaelscoileanna

Beidh oiliúint á chur ar fáil do na scoileanna go léir ag an gcomhlacht dlí, Millet and Mathews maidir le cosaint sonraí (i mBéarla). Tá a thuilleadh eolais le fáil ag www.dataprotectionforschools.ie agus tá na foirmeacha srl. atá de dhíth ar scoileanna ina leith le fáil i nGaeilge ann. Seachas sin tá súil againn oiliúint a chur ar fáil ag an gcomhdháil bhiantúil maidir le Gnásanna Frithbhulaíochta. Beidh eolas á sheoladh amach chuig na scoileanna go luath maidir leis an oiliúint seo. Má tá aon eolas sa bhreis de dhíth ar do scoil ina leith bí i dteagmháil le Nóra ag nora@gaelscoileanna.ie

COMÓRTAS LEABHAR DO BHUNSCOILEANNA LÁN-GHAEILGE/GAELTACHTA

Urraithe ag The O' Brien Press Ltd.
Dáta deiridh le cur isteach ar an gcomórtas seo ná: 29ú
Feabhra 2016 roimh 17.00

Céard atá le déanamh?

- Scéal gearr (500 focal nó níos lú) le scríobh ar do rogha téama nó ábhair. Caithfidh an scéal bheith scríofa i nGaeilge. Is féidir do rogha stíle agus seánra a úsáid. Bí cruthaitheach!
- Tabhair teideal ar an scéal.
- Tá an comórtas seo oscailte do dhaltai i rang a haon agus rang a dó i mbunscoileanna lán-Ghaeilge/Gaeltachta.
- Dáta deiridh le haghaidh iarratas: 17.00 ar an 7 ú Márta 2016.

Ádh mór!

Is deis iontach an comórtas seo an cumas scríbhneoireachta atá ag bhuir gcuid daltaí a léiriú. Anuas air sin, tabharfaidh sé deis do na daltaí a gcuid scileanna cruthaitheachta, litearthachta agus eagarthóireachta a fhorbairt agus a fheabhsú. Foilseofar scéalta na mbuaiteoirí ar shuíomh Idirlín, ar mheáin shóisialta agus i nuachtlitir Gaelscoileanna Teo.

Duaiseanna

Roghnófar beirt bhuaiteoirí ar an gcomórtas. Bronnfar beart mór leabhar Gaeilge ar na buaiteoirí seo do leabharlann na scoile ón tsraith Sos le The O'Brien Press Ltd. Tá na leabhair seo oiriúnach do dhaltai i rang a haon nó rang a dó.

Coinníollacha

- Is ag painéal moltóirí an chomórtais an cinneadh deir-eanach maidir le buaiteoirí a roghnú.
- Tá an comórtas seo oscailte do gach dalta scoile bun-leibhéil (**rang a haon agus rang a dó amháin**) atá ag freastal ar bhunscoil lán-Ghaeilge/Gaeltachta in Éirinn.
- Caithfidh gach scéal bheith scríofa i nGaeilge amháin agus bheith 500 focal nó níos lú ar fhad.

- Caithfidh gach iontráil bheith clóscríofa nó scríofa go han-néata.
- Níl cead ag daltaí ach iontráil amháin a chur isteach ar an gcomórtas.
- Caithfidh gach iontráil bheith faighte ag Ciara roimh an spriocdháta (17.00 ar 29ú Feabhra 2016). Ní ghlacfar le hiarratais dheireanacha. Is féidir na hiontrálacha a chur ar an ríomhphost chuig ciara@gaelscoileanna.ie nó sa bpost chuig

Ciara Ní Bhroin
Oifigeach Forbartha, Gaelscoileanna Teo.
Halla Naomh Pádraig,
Institiúid Oideachais Marino,
Ascaill Uí Ghríofa,
Baile Átha Cliath 9

- Glacfar le hiontrálacha uathúla úra amháin agus níl cead aon scéal atá foilsithe cheana a chóipeáil. Ní ghlacfar le haon bhradaíl liteartha.
- Caithfidh ainm agus aois an dalta, ainm agus seoladh na scoile, agus an rang bheith marcáilte ar bharr an leathanaigh ar gach iontráil.
- Tá sé de chead ag Gaelscoileanna Teo. gan ghlacadh le hiontrálacha mí-oiriúnacha agus iad a chur as an áireamh don chomórtas seo.
- Cuirfear na buaiteoirí ar an eolas tríd an ríomhphost. Caithfidh iarrthóirí bheith sásta páirt a ghlacadh i bpoiblíocht a bhaineann leis an gcomórtas agus go bhfoilseofar a gcuid scéalta. Foilseofar rogha scéalta ar shuíomh agus i nuachtlitir Gaelscoileanna Teo., mar aon le meáin shóisialta na heagraíochta.



Tá áthas ar Choláiste de hÍde a fhógairt gur tháinig na l-padanna chuig an scoil i dTamhlacht i Mí Eanáir faoi stiúir Joy Uí Mhurchadha agus Mhéabh Nic An tSaoir. Beidh siad ar fáil faoin scéim phíolótach "I - Tunes U" trí Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (DDLETB). Beidh siad in úsáid sna ranganna Mata agus Eolaíochta bliain 1 agus 2 ar dtús.



Gaelscoil an Chuilinn: Ciaran Kilkenny le Corn Sam Mhig Uidhir



Stair déanta ag cailíní sinsir Choláiste de hÍde.

Craobh na hÉireann buaite don chéad uair san Eitpheil.

Bhuaigh Coláiste de hÍde Craobh Eitpheile na hÉireann 2015 do chailíní sinsir i UCD i Mí na Nollag i gcoinne Mheánscoil Cailíní baile Ros Comáin. B'éacht faoi leith í seo. Moladh mór don fhoireann agus a mbainisteoir



Caoimhín Ó Daimhín agus Cormac Copeland, Séamas Ó Donnghaile, Helen Mhic Ceitinn, Orlaith Uí Dhaibhín, Caoimhe Ní Mheartaile

Gradam bainte ag Bunscoil Mhic Reachtain, Béal Feirste

Bhronn 'Families First' an duais is mó - An Scoil Is Fearr - ar Bhunscoil Mhic Reachtain le déanaí. Is iad na tuismitheoirí a scríobh chucu agus a mhol an scoil go hard. Cuireadh an scoil isteach i dhá chatagóir - An Scoil agus An Múinteoir is Fearr. Bhain siad amach an dara háit sa dara comórtas.

Léirigh an duais seo an meas atá ag pobal na scoile ar an scoil as an chúram a thugann siad dá ndaltaí. Tá siad thar bheith bródúil as na páistí a thugann tuismitheoirí dúinn agus as an chomhoibriú a bhíonn acu le chéile. Seo aitheantas iontach don dícheall a dhéanann gach duine anseo do na páistí.



D'éirigh go hiontach le scoláirí Coláiste Chillíain airgead a bhailiú ar son na teanga le déanaí nuair a ghlac siad páirt i nGaeilge 24. Bailíodh €1300 a théann ar son chur chun cinn na Gaeilge ar fud na hÉireann. Maith sibh, a chairde Gael!

Coláiste Íde- Dlúthdhiosca na Nollag

Seoladh dlúthdhiosca na Nollag, **“Dóchas na Nollag”**, 6 Nollaig i gColáiste Íde ag Ceolchoirm na Nollag ar mhaithe le Pieta House. Chuir cór agus ceoltóirí na scoile Ciara Ní Bheagáin, Ellis Nic Chriomthainn, Anna Ní Chinseallaigh, Áine Ní Shuilleabháin agus Rieke Nic Lochlainn an dlúthdhiosca seo le chéile le cabhair agus treoir ó Denise Nic Diarmuide, an múinteoir ceoil. Tá meascán de cheol traidisiúnta, ceol clasaiceach agus carúil na Nollag air, agus amhráin ar nós An Cladach Creagach, Oíche Nollag, Ó Tair-se Chugainn Emmanuel, Coinnle an Linbh Íosa, Oíche Chiúin.

D'éirigh leo €1,500 a bhailiú ar son Pieta House. Maith sibh, a chailíní!



Fáilte chuig Daltai
Bhlíain 1:



Córas Chairdis le
Cinnirí Bhlíain 5 2015


Focail na gaoise ó Choláiste de hÍde ar chúrsaí meabharshláinte:

“Dá fhad is an lá tagann an oíche.”

Bíonn deá-thionchar ag dearcadh dearfach ar an dóigh a mhothaíonn tú.

“Gáire maith agus codladh fada, an dá leigheas is fearr”

Bíonn deá-thionchar ag codladh rialta agus gáire maith ar an dóigh a mhothaíonn tú.



Obair Dheonach ar bun ag Coláiste de hÍde san Ind

Chuaigh seisear dalta bliain 5 ó Coláiste de hÍde agus múinteoir Colm go dtí Kolkata san Ind le linn bhriseadh téarma Mhí na Samhna 2015. Thaistéal siad leis an eagraíocht charthanachta “Hope Foundation”. Bhí orthu €3000 an duine a bhailiú roimh ré. Ba eispéireas dochreidte dóibh é. Chonaic siad an bochtanas atá ann. D'oibrigh siad sna hospidéil agus sna tithe sábháilte le paistí sráide. Moladh mór dóibh.


Faoi láthair, tá daltaí Ran 6 ó Scoil Naithí, Baile an tSaoir ag glacadh páirte sa bhfeachtas “Junior Entrepreneur Programme”.

D'oibrigh na daltaí go dian lena chéile leis an múinteoir ranga, Lorna Ní Choistealbha, chun teacht ar smaointí do tháirgí nua. Chuir said na smaointí seo os comhair triúr dhragúin a rinne a dtáirgí a mheas.

Ar deireadh, bhí an bua ag na clúdaithe iPhone Gaelacha agus na bandaí sileacóin a chruthaigh said. Tá go leor oibre déanta ar na táirgí seo le cúpla seachtain anois, tá daltaí Scoil Naithí ag iarraidh iad a dhíol agus Seachtain na Gaeilge ag druidim linn:



SEACHTAIN NA GAEILGE



- Bandaí sileacóin glasa “Seachtain na Gaeilge” ar €2 an banda.
- Bandaí sileacóin “Éirí Amach 1916” ar €2 an banda
- Clúdaithe iPhone 5 agus 6 trédhearcach le seanfhocail orthu ar €8 an ceann nó €15 ar phéire

Tá na daltaí ag súil go mór go dtaitneoidh a gcuid táirgí chomh mór libhse is a dtaitníonn siad leo féin! Is féidir d'ordú a chur isteach chucu ag juniorentrepreneurscoilnaithi@gmail.com

Tá tuilleadh eolais faoin gcomórtas ar fail ag www.juniorentrepreneur.ie



Coláiste an Phiarsaigh,
Meitheal 2015



Oíche Oscailte,
Coláiste an Phiarsaigh

Dea-nuacht ag Gaelscoil na Laochra



Táimid ag déanamh go maith i mBiorra i nGaelscoil na Laochra. D'éirigh go hiontach linn sa chéad téarma agus anois tá 22 pháistí san iomlán ag freastal ar an scoil. Roimh an Nollaig, bhí seó Nollag againn agus chan na páistí cúpla amhrán agus dánta. Sheinn beirt ar an bhfeadóg chomh maith! Tháinig na tuismitheoirí ar fad agus bhí tráthnóna álainn againn. Fuaireamar dea-nuacht le déanaí go mbeidh obair ag tosú ar ár bhfoirgneamh go luath agus táimid ag súil go mór leis sin! Táimid ag ullmhú don lá oscailte agus seachtain chlárúcháin anois agus tá suim ag go leor daoine sa scoil. Tús maith leath na hoibre!



Gaelscoil Chluain Meala ag an Prom Síochána 2016



Daltaí ó Ghaelscoil Chluain Meala Abbey-Kate Ní Chaoimh, Ben Ó Gallachóir, Robyn an Chnoic, Aoife Ní Churtáin, Rhiannon Ní Shé, Emily de Priondragás, Katie Ní Riain, Melissa Ní Leathlobhair, Hazel Ní Mheára, Nicole Ní Laoi, Odhrán Ó Súilleabháin agus Múinteoir Caoimhe Ní Riain a ghlac páirt sa chóir 32 Chontae na Leanaí a bunaíodh go speisialta do Phrom Síochána Éire 2016. Chan siad le Ceolfhoireann Trasteorann na hÉireann ar an gcéad lá Eanáir san Ionad Comhdhála i mBaile Átha Cliath chun tús a chur le Clár Comórtha Céad Bliain Éire 2016. Ba ócáid iontach í do na páistí go léir agus bhí sé de phribhléid acu bheith páirteach ann.

Deontais Le Chéile Trí Ghaeilge

Cuireann Gaelscoileanna Teo. deontais ar fáil do naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta d'fhonn imeachtaí a reáchtáil trí mheán na Gaeilge. Bíonn an-tóir ar na deontais seo.

Is féidir an fhoirm iarratais a chomhlánú anseo ar an suíomh ag www.gaelscoileanna.ie/scelmeanna/eolas/

Is féidir téarmaí & coinníollacha na scéime a léamh ag www.gaelscoileanna.ie/le-cheile-tri-ghaeilge-tearmai-coinníollacha/

Tríd an scéim seo, bíonn deis ag naíonraí agus scoileanna imeacht dá rogha féin a reáchtáil le naíonraí agus scoileanna eile. Déantar na h-íocaíochtaí de réir admhála. Cuirtear fáilte roimh réimse leathan imeachtaí agus roimh iarratais ó naíonraí, bun-scoileanna agus iarbhunscoileanna.

Tugann na himeachtaí seo deis tábhachtach do naíonraí agus do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta nasc a chruthú le naíonraí agus scoileanna eile. Spreagann na himeachtaí ilgh-néitheacha seo cumarsáid agus spraoi trí mheán na Gaeilge, rud a théann chun leasa an naíonra, na scoile, chun leasa páistí agus daltaí agus chun leasa an phobail.

Tá gach eolas mar gheall ar an scéim seo ar fáil ach ríomhphost a chur ag sandra@gaelscoileanna.ie nó glaoch a chur ar 01 8535194.

Cuireann Gaelscoileanna Teo. uasmhéid de:

- €250 / £225 ar fáil d'imeacht le 2 naíonra/scoil rannpháirteach ann
- €500 / £450 d'imeacht le 3 naíonra/scoil nó níos mó rannpháirteach ann
- €750 / £675 más 4 naíonra/scoil nó níos mó atá le bheith rannpháirteach.

An spriocdháta d'iarratais ná **09 Nollaig 2016**. Tá an scéim deontais seo á maoiniú ag Foras na Gaeilge.

Feachtas Feasachta

Tá Gaelscoileanna Teo. agus Conradh na Gaeilge ag comhoibriú ar feachtas feasachta maidir le hoideachas lán-Ghaeilge i mbliana, le tacaíocht ó Foras na Gaeilge. Scéim píolótach atá ann, ina bhfuil an

dá eagraíocht ag cur tacaíocht ar fáil do scoileanna le plananna poiblíochta agus margaíochta a fhorbairt a léireoidh dá bpobail áitiúla agus don saol mór an obair den scoth a dhéantar sna scoileanna lán-Ghaeilge. Tá na feachtais áitiúla ag díriú ar riachtanais na scoileanna i dtaobh daltaí a mhealladh agus tuiscint a mhéadú i measc an phobail maidir le buntáistí an oideachais lán-Ghaeilge. I measc na himeachtaí atá beartaithe, beidh caint poiblí leis an tOllamh Hywel Lewis ó Ollscoil na Breataine Bige ar siúl i Longfort ar an 2 Márta. Díreoidh an tOllamh Lewis ar na buntáistí cognaíochta a bhaineann leis an dátheangachas agus beidh spreagadh ann d'oidí agus do thuismitheoirí araon. Tá súil againn ábhar an chaint a fhoilsiú amach anseo ar www.gaelscoileanna.ie le gur féidir le pobal uile na scoileanna tairbhe a bhaint as.



Scoileanna Nua 2016

Tá cuireadh tugtha ag an Roinn Oideachais & Scileanna do phátrúin ionchasacha iarratais a dhéanamh ar phátrúnacht trí bhunscoil nua a bheidh le hoscailt i Meán Fómhair 2016 i mBaile Átha Cliath. I measc na ceantair atá aitheanta ag an Roinn tá Droim Conrach/Marino/BÁC 1 agus Stigh Lorgan/Baile na nGabhar, agus tá Gaelscoileanna Teo., i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge, i mbun dian fheachtais le bliain anuas le tacaíocht an phobail a fháil d'iarratais a bheidh á dhéanamh ag an Foras Pátrúnachta le scoileanna lán-Ghaeilge ilchreidmheacha a bhunú iontu. Tá an 24 Márta mar spriocdháta d'iarratais ar phátrúnacht, agus beidh na coistí bunaithe sa dá cheantar ag obair go díograiseach le thuismitheoirí a ghríosadh le tacaíocht a léiriú don bhForas. Níl sé beartaithe ag aon phátrún eile iarratas a dhéanamh ar scoil lán-Ghaeilge a bhunú. Tá na céadta thuismitheoirí tar eis dul i muinín na bhfeachtais seo agus léirithe spéise a chlárú, bheifear ag súil le cur leo sa mhí romhainn le go mbeidh an Foras in ann fianaise a sholáthar don Roinn go bhfuil éileamh ollmhór ar oideachas lán-Ghaeilge sa dá cheantar gur gá freastal a dhéanamh air. Beimis ag súil le cinneadh dearfach ón Roinn ina leith sna míonna romhainn, le go mbeidh deis ag na céadta páistí eile oideachas lán-Ghaeilge a fháil. Tá tuilleadh eolais maidir leis na feachtais agus próiseas na Roinne ar fáil ar www.gaelscoileanna.ie.





Scéim Tacaíochta Teanga 2016

Tá an scéim seo á reáchtáil ag Gaelscoileanna Teo. le cúnamh a thabhairt do stiúrthóirí naíonra agus d'fhoireann neamh-theagaisc na scoileanna gur mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge nó tabhairt faoin scrúdú TEG. Faoi scéim seo is féidir tabhairt faoi oiliúint sa Ghaeilge ag aon leibhéal agus eagraithe ag aon fhoras oiliúna. D'fhéadfaí tabhairt faoi scrúduithe Gaeilge TEG, ranganna oíche, cúrsa Gaeilge ar líne, sainchúrsa teanga, dianchúrsa gramadaí, cúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht nó eile, eagraithe ag leithéidí na bhforas thíos:

Conradh na Gaeilge
Gaelchultúr
Gael-Linn
Glór na nGael
Institiúidí tríú leibhéal
Ionaid Oideachais áitiúla
Oideas Gael
Ranganna.com
Scoileanna áitiúla
Teastas Eorpach na Gaeilge (scrúdú amháin)

Níl sa liosta thuas ach treoir agus is féidir tacaíocht a lorg le haghaidh cúrsaí eagraithe ag forais eile nach iad. D'fhéadfaí oiliúnóir a thabhairt isteach le cúrsa a sholáthar don naíonra/scoil féin nó i gcomhpháirt le naíonra(i) nó scoil(eanna) eile sa cheantar, má oireann. Fáiltítear roimh iarratais ó níos mó ná stiúrthóir nó ball foirne amháin. I gcás go bhfuil tú cláraithe do chúrsa ach nach bhfuil sé tosaithe agat go fóill, is féidir aisiocaíocht a lorg ar tháillí atá íoctha cheana féin. Is féidir iarratas a dhéanamh bunaithe ar chúrsa atá beartaithe agat tabhairt faoi amach anseo, ach sonraí an chúrsa a chur ar fáil mar chuid den iarratas. Ní féidir aisiocaíocht a lorg ar tháillí do chúrsa atá déanta agat cheana féin.

Tapaigh an deis! Níl ach buiséad teoranta againn don scéim, agus ceadófar iarratais ar bhonn tús freastail. An spriocdháta d'iarratais ná an 09 Nollaig 2016. Le harratas a dhéanamh ar an scéim, ní gá ach foirm shimplí a comhlánú [ar an suíomh](#). Má tá aon cheist agat maidir leis an scéim, déan teagmháil le Sandra ar 01 8535194 nó sandra@gaelscoileanna.ie.

Coinníollacha na Scéime

1. Is gá iarratas i scríbhinn a dhéanamh sula gceadófar aon chaiteachas.
2. An spriocdháta d'iarratais ná 09 Nollaig 2016.
3. An t-uasmhéid a cheadófar in aghaidh an bhaill foirne ná €200. Is féidir iarratas a dhéanamh ar son níos mó na stiúrthóir amháin ón naíonra nó baill foirne neamh-theagaisc amháin ón scoil ach is gá foirm a chomhlánú do gach iarratasóir.
4. Íocfar na táillí ar bhonn sonraisc nó admhála ón bhforas oiliúna amháin. Lorgófar sonrasc nó admháil agus sonraí an íocaí uait ar cheadú d'iarratais agus ní gá iad a sheoladh roimhe sin.
5. Ní féidir aisiocaíocht a lorg ar tháillí do chúrsa atá déanta agat cheana féin.
6. Tabharfar tús áite d'iarratais de réir mar a thagann siad chun na hoifige, agus de réir buiséid teoranta na scéime.
7. Cuirfear iarratais nach féidir a cheadú de dheasca ró-éileamh ar liosta feithimh.
8. Tá cead ag Gaelscoileanna Teo. maoiniú a aisghairm i leith mí-úsáide.

Tá an scéim seo ar fáil do naíonraí sna 26 chontae, lasmuigh den Ghaeltacht agus do scoileanna lán-Ghaeilge sna 32 chontae amháin.

Ar mhaith leat na páistí scoile a thabhairt ar thuras scoile iomláin trí mheán na Gaeilge, áit ina mbeidh siad ag bualadh le páistí ó Gaelscoileanna eile?

Beidh Carnabhal do dhaltai gaelscoile á reáchtáil ag Cumann na bhFiann arís i mbliana ó 23-27 Bealtaine 2016. Ócáid lántumtha agus lán-Ghaeilge atá i gceist do ghrúpaí ó Rang 3 go Rang 6.

Tá gach eolas ar fáil, ach teagmháil a dhéanamh le hOrlaith Nic Ghearlait, ag [01 825 9342](tel:018259342) nó orlaith@cnb.ie.

'Trick or Treat for Temple Street'



Eagraíonn ceannairí an naíonra cóisir Shamhna gach bliain chun airgead a bhailiú don fheachtas carthanacha 'Trick or Treat for Temple Street'. Tagann na páistí isteach ina gcuid feisteas Samhna agus glacann siad páirt i neart cluichí agus imeachtaí Samhna. Bhí lá fíorspeisialta i Naíonra Thaobh na Coille roimh laethanta

saoire na Samhna. Chaith na leanaí coicís ag ullmhú an tseomra ranga don chóisir Shamhna. Bhí an naíonra thar a bheith scanrúil nuair a chroch na leanaí a gcuid oibre suas; taibhsí ag crochadh san aer, pictiúir de chailleacha ar na ballaí agus puimcíní deasa ina suí ar na boird. Is fíor a rá go ndearna na páistí sárobair sa bhaile chomh mhaith agus iad ag socrú a n-éadaí agus feistis don seó.

Bhí na leanaí agus na tuismitheoirí an-fhlaithiúil ar fad. Ba choir go mbeadh said an-bhródúil as an €254 a bhailigh said agus go mbeidh siad ag tabhairt tacaíochta do leanaí tinn in Éirinn.



Ceolchoirm na Nollag,

Naíonra Céimeanna Beaga:

Bhí lá iontach againn ag canadh agus ag céiliúradh lenár dtuismitheoirí. Ag tnúth le i bhfad níos mó ceoil agus spraoi i 2016 agus ag guí gach rath don bhliain nua ar chách!



Ceardlann Aistear & Síolta, Corcaigh,
9 Eanáir 2016



Chaith Naíonra Bhóin Dé seachtain ag plé "Humpty Dumptáí" mar théama. Bhain na páistí a lán taitnimh as. Rinne siad balla mór le lego agus chuireamar Humptáí Dumptáí suas ar an mballa. Chaith na páistí málaí pónairí chun Humptáí a bhuailleadh. Bhí siad an-sásta nuair a thit sé. Rinne siad HD le taos agus feilt agus ghearr siad amach é chomh maith. Rinneamar dráma beag leis an amhrán ón leabhar "Plúra Lúra". Thaitin an t-amhrán go mór leo. Roghnaíodh páistí éagsúla bheith mar shaighdiúirí agus cahpaill agus bhí siad ag gáire an t-am go léir agus ag iarraidh é a dhéanamh arís agus arís.



Cuairt ó Rós Liatroma, Sinéad Flynn agus Rós Thrá Lí, Elysha Brennan go Cúram Leanaí Teoranta Bhéal An Átha Móir, Co. Liatroma le deireanaí.